



CAD IS CUID 8 D'IARRATAS PLEANÁLA ANN?

Mar chuid den Chlár um Slite Sábháilte chun Scoile (SRTS), d'fhéadfadh a bheith ar údarás áitiúil iarratas a dhéanamh ar cheadanna pleanála le haghaidh forbairtí áirithe. Sa treoir céim ar chéim seo, mínítear próiseas Chuid 8 d'iarratas pleanála a dhéanann údarás áitiúil.



Is tionscnamh de chuid na Roinne Iompair é an clár SRTS agus tacaíonn an Roinn Oideachais leis. Oibríonn Clár na Scoileanna Glasa an clár seo i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus údaráis áitiúla. Oibríonn Oifigeach Bonneagair tiomnaithe SRTS le scoileanna agus le húdaráis áitiúla le linn an phróisis.

CUID 8

Cad is Cuid 8 d'iarratas pleanála ann, agus cad is gá a bheith ar eolas agam ina leith mar chuid de Chlár SRTS?

Is éard atá in iarratas pleanála Chuid 8 ná an modh a úsáideann údarás áitiúil chun iarratas a dhéanamh ar chead pleanála le haghaidh forbairtí a bhfuil costas níos mó ná 126,000 i gceist leo. D'fhéadfadh Crios Forbartha Straitéisí, tithíocht shóisialta, bóithre agus bonneagar sráide a bheith san áireamh sna forbairtí sin. Déantar iarratas ar chead faoi Chuid 8 den Acht faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2015.

CUID 8:

Tá sraith próiseas ann nach mór d'údarás áitiúil a dhéanamh maidir le dul i gcomhairle leis an bpobal agus faomhadh a fháil ó bhord na gcomhaltaí tofa..



Teastaíonn comhairliúchán poiblí le haghaidh aon oibreacha a dhéanann Údarás Áitiúla mar Chuid 8 den Acht faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2015

An tAcht faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt - Cuid 8

- **Gné bhunúsach de phróiseas iarratais pleanála 'Cuid 8' is ea comhairliúchán poiblí. Is féidir ról gníomhach a bheith ag an scoil chun tacú leis an údarás áitiúil leis an gcéim seo. Tá sé ríthábhachtach go dtéann an scoil i dteagmháil lena bpáirtithe leasmhara go léir agus leis an bpobal i gcoitinne agus go dtéann sí i gcomhairle leo maidir leis na forbairtí atá beartaithe. Tríd an gcleachtadh rannpháirtíochta pobail seo a chur i bhfeidhm, is dóichí go nglacfaidh an pobal leis an scoil, agus go spreagfar tacaíocht do thimpeallacht nua os comhair na scoile. Is mó an seans go bhfaighfí cinneadh dearfach ón údarás áitiúil agus go gceadódh an Bord Pleanála iarratas pleanála mar thoradh ar idirchaidreamh rathúil agus rannpháirtíocht an phobail.**

CAD É PRÓISEAS CHUID 8?

Tá roinnt céimeanna ag teastáil le haghaidh phróiseas Chuid 8 agus go leor bealaí inar féidir le scoil gníomhú chun tacaíocht a fháil do na moltaí.



SMAOINTE

Má theastaíonn tuilleadh tacaíochta uait chun teagmháil níos fearr a dhéanamh le do phobal áitiúil nó le páirtithe leasmhara na scoile, déan teagmháil linn, táimid sásta do chuid smaointe a chloisteáil agus tacú le do chuid riachtanas

Tá iliomad acmhainní cumarsáide agus rannpháirtíochta ar fáil mar chuid dár bhFoireann Uirlisí Cumarsáide SRTS. Is féidir leis an Oifigeach Cumarsáide SRTS agus d'Oifigeach Bonneagair tiomnaithe obair le chéile chun pacáiste meán a ullmhú duit le hábhair inphriontáilte agus teimpléid ineagarthóireachta.



SLITE SÁBHÁILTE
CHUN NA SCOILE

Cad is féidir le scoileanna a dhéanamh

Is é an cur chuige is fearr ar féidir le scoil a ghlacadh chun tacú le próiseas Chuid 8 ná **aighneacht a dhéanamh chun tacú leis na moltaí** le linn thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí. Ba chóir do scoileanna tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne a spreagadh chun an rud céanna a dhéanamh. Is féidir le scoileanna teagmháil a dhéanamh lena bpáirtithe leasmhara áitiúla agus leis an bpobal i gcoitinne trína gcomhairliúchán áitiúil féin a réachtáil.

S: @SRTS_Ire

W: www.greenschoolsireland.org/saferoutestoschool/

E: srts@eeu.antaisce.org

T: +353 1 400 2222

A: EEU An Taisce Unit 5a, Swift's Alley, Francis Street, Dublin, D08TN88, Ireland.